Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2026
(OR. en)

15479/26

CULT 138
CULT HERIT 33

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2027-2030

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an rún thuasluaite, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an seisiún a bhí aici an 20 Samhain 2026.

IARSCRÍBHINN

Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2027-2030

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ATHDHEARBHÚ ACU

– an fhís straitéiseach fhadtéarmach chun an cultúr a chur i gcroílár fhéiniúlacht na hEorpa a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach maidir leis ‘An Eoraip ar son Cultúir - Cultúr ar son na hEorpa’, a chomhaontaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach an 18 Meitheamh 2026[1];

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU

– pleananna oibre an Aontais don chultúr agus na torthaí a baineadh amach a bhuíochas leo, lena leagtar síos na tosaíochtaí polaitiúla ardleibhéil agus clár oibre réamhbhreathnaitheach do rannpháirteachas na mBallstát maidir le beartas cultúrtha ar leibhéal an Aontais;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU

– luach intreach an chultúir mar fhoinse brí, inspioráide, nuálaíochta, naisc dhaonna, tuisceana frithpháirtí, féiniúlachta agus pobail;

– gur oidhreacht chomhchoiteann í éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa, oidhreacht ar cheart í a chothú, tacú léi agus a chaomhnú ar mhaithe le cách;

– ról lárnach an chultúir maidir leis an daonlathas a chosaint agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn chomh maith leis an tsíocháin, athléimneacht na sochaí, idirphlé sóisialta, cuimsiú, comhtháthú sóisialta agus sláinte agus folláine shaoránaigh uile an Aontais a chothú;

[1] C/2026/3440, 25.6.2026

– ról an chultúir i gcur chun cinn an chomhionannais inscne agus an gá go mbeadh sé d'aidhm ag an Aontas deireadh ar chur le neamhionannas agus comhionannas a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE;

– ról uathúil earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta maidir le dlús a chur leis an aistriú glas trí inbhuanaitheacht, athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide a chur san áireamh, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais;

– an ról lárnach atá ag earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta maidir le fostaíocht a ghiniúint ar fud an Aontais agus maidir le fás, iomaíochas, nuálaíocht agus forbairt inbhuanaithe chuimsitheach a spreagadh;

– tábhacht an chultúir i gcaidreamh agus i gcomhar seachtrach déthaobhach agus iltaobhach an Aontais, agus go háirithe ina chomhpháirtíocht le UNESCO agus le Comhairle na hEorpa;

I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS:

– Cogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear scriosadh spriocdhírithe na hoidhreachta cultúrtha, ionsaithe ar earnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hÚcráine, agus ionsaithe ar ealaíontóirí agus ar ghairmithe cultúrtha na hÚcráine;

– na héagobhsaíochtaí geopholaitiúla leanúnacha ar fud an domhain, lena n-áirítear i réigiúin ina bhfuil coinbhleachtaí, ar éagobhsaíochtaí iad atá ina mbagairtí suntasacha ar an oidhreacht chultúrtha, ar ealaíontóirí agus ar ghairmithe cultúrtha agus a bhfuil tionchar forleathan acu orthu;

– fíorthionchar láithreach na ngéarchéimeanna comhshaoil agus aeráide, ar thírdhreacha cultúrtha agus ar an oidhreacht chultúrtha agus, ar bhonn níos leithne, ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, ós rud é go bhfuil cailliúint bithéagsúlachta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agus go bhfuil timthriallta tonnta teasa, falscaithe, triomaigh, sneachta trom, tuilte, tonnta teasa muirí agus stoirmeacha gaoithe ag dul in olcas, san Eoraip, arb í an mhór-roinn is tapúla téamh ar domhan í[2];

[2] Féach 'Tuarascáil 2025 ar Staid na hAeráide san Eoraip', https://climate.copernicus.eu/esotc/2025

– dúshláin leanúnacha atá roimh dhaonlathais ar fud an Aontais agus ar fud an domhain, lena n-áirítear bagairtí ar shaoirse ealaíne agus ar neamhspleáchas institiúidí cultúrtha, agus iarrachtaí leanúnacha chun cuidiú le freagairt chomhchoiteann na hEorpa ar na dúshláin sin a chomhordú, a shlógadh, a chomhlánú agus a neartú[3];

– forbairtí tapa sa teicneolaíocht dhigiteach, go háirithe an intleacht shaorga (IS), lena gcruthaítear deiseanna chun tacú le cleachtas cruthaitheach agus chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a fheabhsú, agus ábhair imní á gcur in iúl ag an am céanna maidir le bagairtí ar chruthaitheacht an duine, ar éagsúlacht chultúrtha agus teanga, ar shlándáil post, ar chibearshlándáil, ar cheannasacht sonraí, ar luach saothair cothrom agus ar chosaint na gceart maoine intleachtúla in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ ACU

– an Teachtaireacht maidir leis an gCompás Cultúir don Aontas Eorpach a d'eisigh an Coimisiún an 12 Samhain 2025[4];

– an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 an 2 Iúil 2026;

– na tagairtí polaitiúla mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rún seo iad;

COMHAONTAÍONN SIAD

– tacú leis an gcomhar cultúrtha Eorpach a fheabhsú, éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn, agus breisluach Eorpach a chur ar fáil, agus aird á tabhairt ar an gcomhthéacs reatha cultúrtha, sóisialta, eacnamaíoch, slándála agus polaitiúil, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta;

---

3 Féach 'An Sciath Eorpach don Daonlathas: Daonlathais Láidre Athléimneacha a Chumhachtú

4 15410/25

– maidir leis na réimsí fócais seo a leanas don tréimhse 2027-2030, arna spreagadh ag príomhthreonna Chompás Cultúir 2025 don Aontas Eorpach:

(a) Luachanna, cearta cultúrtha agus saoirse ealaíne na hEorpa a neartú;

(b) Ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha a chumhachtú agus tacú le daoine agus leis an tsochaí;

(c) An cultúr agus an t-iomaíochas, an athléimneacht, an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht agus an comhtháthú;

(d) Caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta (CCI) agus comhpháirtíochtaí.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT

– machnamh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar réimsí fócais an Phlean Oibre seo agus a mbeartas náisiúnta cultúir féin á fhorbairt acu agus ar na deiseanna comhair idir na Ballstáit a eascraíonn as na réimsí sin.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

– tuarascáil a ullmhú maidir le cur chun feidhme Phlean Oibre an Aontais don Chultúr 2027-2030, bunaithe ar rannchuidithe deonacha ó Bhallstáit an Aontais, faoi mhí an Mheithimh 2030;

– an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta maidir le cur chun feidhme an Phlean Oibre don Chultúr 2027-2030 agus na gníomhaíochtaí sonracha lena mbaineann, de réir mar is iomchuí, chun go mbeidh léargas foriomlán ag na Ballstáit ar dhul chun cinn agus ar thorthaí, agus ag an am céanna oibriú leis na Ballstáit chun infheictheacht agus inrochtaineacht iomchuí na dtorthaí a áirithiú d’earnálacha cultúrtha agus do shaoránaigh.

I. RÉIMSÍ FÓCAIS

(a) Luachanna, cearta cultúrtha agus saoirse ealaíne na hEorpa a neartú

Le forbairtí sóisialta, cultúrtha agus geopholaitiúla le linn Pleananna Oibre don Chultúr a bhí ann roimhe seo, leagadh béim ar ról straitéiseach an chultúir maidir le luachanna Eorpacha a chur chun cinn, an daonlathas a neartú agus sochaithe níos láidre agus níos athléimní a thógáil. Le gníomhaíochtaí faoi Phlean Oibre 2027-2030, ba cheart tuiscint agus feasacht ar chearta cultúrtha a neartú a thuilleadh mar bhealach chun feabhas a chur ar rochtain ar chultúr agus ar shaoirse léirithe agus cruthaithe ealaíonta agus ar a bheith rannpháirteach sa mhéid sin.

Tá rochtain ar an gcultúr agus rannpháirtíocht ann fós ina gcolúin bhunúsacha de chearta cultúrtha mar a aithnítear in ionstraimí ábhartha maidir le cearta an duine[5]. Ba cheart don Phlean Oibre tacú le gníomhaíocht chomhordaithe de chuid an Aontais chun rannpháirtíocht chuimsitheach sa chultúr agus san oidhreacht chultúrtha, idir inláimhsithe agus doláimhsithe, agus sna sócmhainní cultúrtha digiteacha, a chur chun cinn. Cuireann institiúidí cultúrtha, lena n-áirítear, i measc rudaí eile, leabharlanna, músaeim, amharclanna, pictiúrlanna agus láithreáin oidhreachta, chomh maith le timpeallachtaí maireachtála ardcháilíochta, rannpháirtíocht dhaonlathach agus rannpháirtíocht shibhialta chun cinn, agus ag an am céanna neartaíonn siad moil chultúrtha agus shóisialta phobalbhunaithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta, do phobail tuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear iad siúd sna réigiúin is forimeallaí san Aontas, do dhaoine faoi mhíchumas agus do ghrúpaí imeallaithe.

[5] Féach, mar shampla, Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) agus an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha.

Tá bagairtí den iliomad cineál ar an tsaoirse ealaíne ina bpríomhábhar imní in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta[6] i gcónaí. D'iarr páirtithe leasmhara go ndéanfaí bearta chun fhreagairt ar na bagairtí sin, lena n-áirítear táscairí láidre a fhorbairt agus faireachán tírshonrach a dhéanamh ar an tsaoirse ealaíne. Ba cheart an comhar le Comhairle na hEorpa agus le UNESCO a neartú chun tacú le tionscnaimh atá ann cheana, chun tionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt amach anseo agus chun dúbláil a sheachaint.

Ba cheart go gcuirfeadh an Plean Oibre le feasacht níos fearr ar na prionsabail agus na luachanna atá leabaithe in oidhreacht chultúrtha na hEorpa, ar foinse chomhroinnte cuimhneacháin, tuisceana, féiniúlachta, idirphlé, comhtháthaithe agus cruthaitheachta iad.

(b) Ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha a chumhachtú agus tacú le daoine agus leis an tsochaí

Is príomhthosaíocht i gcónaí do bheartais chultúrtha san Aontas iad stádas, dálaí oibre agus soghluaisteacht trasteorann ealaíontóirí agus gairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú, agus ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú ag an am céanna, agus tá sé ríthábhachtach chun inmharthanacht na n-earnálacha sin a chosaint agus chun tionchar na n-earnálacha sin a mhéadú. Tá sé de cheart ag ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha dálaí oibre cothroma, córa, sláintiúla agus sábháilte a bheith acu, agus cuidíonn luach saothair cóir agus dálaí oibre oiriúnacha freisin leis an tsaoirse ealaíne agus leis an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chothú. Tá sé ríthábhachtach soghluaisteacht a éascú ar fud na hEorpa chun comhar ealaíonta agus cruthaitheach a chothú, chun tacú le deiseanna forbartha gairme agus chun cúrsaíocht saothar cultúrtha a áirithiú.

---

[6] Féach, mar shampla, an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026.

Cuireann an Plean Oibre 2027-2030 le hobair chomhchoiteann na hEorpa go dtí seo chun stádas ealaíontóirí a chosaint agus chun luach saothair cóir d'ealaíontóirí agus do ghairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Chun leanúnachas a áirithiú, ba cheart aird a thabhairt ar na moltaí a leagtar amach i dtuarascáil 2023 maidir le modh oscailte comhordúcháin dar teideal *The status and working conditions of artists and cultural and creative professionals* [Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha], lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a mheas agus a chomhroinnt. Ba cheart don Phlean Oibre tacú freisin le hionchur na Comhairle i bhforbairt tionscnamh beartais sa réimse sin amach anseo, lena n-áirítear trí rannchuidiú tráthúil le Cairt Ealaíontóirí an Aontais[7].

Bíonn tionchar diúltach ag an neamhchinnteacht oibre agus ag bearnaí inscne agus ionadaíochta i gcónaí ar fholláine ealaíontóirí agus gairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, ar cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt orthu le linn na tréimhse sin. Tiocfaidh méadú freisin ar an tábhacht a bhaineann le huas-sciliú agus oiliúint a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do ghairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta – lena n-áirítear scileanna traidisiúnta agus ceardaíocht thraidisiúnta, chomh maith le teicneolaíochtaí digiteacha nua – de réir mar a leanfaidh athruithe teicneolaíochta agus eacnamaíocha de thionchar a imirt ar na hearnálacha sin. I measc na n-ábhar imní eile a bhfuil tábhacht ag baint leo, tá feabhas a chur ar oideachas cultúrtha agus ealaíonta araon, litearthacht scannán agus litearthacht sna meáin, trí fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Ina theannta sin, is é is cuspóir don phlean oibre a áirithiú go leanfar den chomhar ar leibhéal an Aontais i réimse an chultúir agus na sláinte, lena neartaítear ról an chultúir maidir le folláine, cáilíocht saoil, meabhairshláinte agus sláinte shóisialta agus athléimneacht an phobail a chur chun cinn. Ag tógáil ar thuarascáil 2025 maidir le modh oscailte comhordúcháin dar teideal *Culture and Health – Time to Act* [An Cultúr agus an tSláinte – Is Mithid Dúinn Gníomhú], tacóidh an obair sin le forbairt threoirlínte an Aontais maidir le cultúr, sláinte agus folláine[8].

---

7 Tionscnamh ón gCoimisiún faoin gCompás Cultúir don Aontas Eorpach.

8 Tionscnamh ón gCoimisiún faoin gCompás Cultúir don Aontas Eorpach.

(c) An cultúr, an t-iomaíochas, an athléimneacht, an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht agus an comhtháthú

Tá earnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa ríthábhachtach d'iomaíochas, d'fhostaíocht agus do nuálaíocht an Aontais. Mar sin féin, tá dúshláin eacnamaíocha agus theicneolaíocha as cuimse rompu. Tráth a bhfuil éiginnteacht shuntasach eacnamaíoch, boilsciú agus brú ar bhuiséid náisiúnta, ba cheart don Phlean Oibre 2027-2030 infheistíocht straitéiseach in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chur chun cinn. Chomh maith leis an gcultúr a phríomhshruthú sa mhaoiniú poiblí i gcoitinne, lena n-áirítear sásraí cistiúcháin an Aontais, d'fhéadfaí béim ar leith a leagan ar chineálacha cur chuige nuálacha maoiniúcháin, lena n-áirítear daonchairdeas, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, agus sásraí eile chun caipiteal príobháideach a ghiaráil. Beidh sé tábhachtach tacú le forbairt agus malartú dea-chleachtas in uirlisí nuálacha maoiniúcháin agus dul i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara ar fud críocha éagsúla, réigiúin atá srianta ó thaobh acmhainneachta de agus na réigiúin is forimeallaí san áireamh, chun feasacht a mhúscailt maidir le deiseanna agus chun comhar a neartú. Tá infheistíocht inbhuanaithe intuartha sa chultúr ríthábhachtach i gcónaí chun an éagsúlacht chultúrtha agus teanga, an oidhreacht chultúrtha, an tsaoirse ealaíne agus athléimneacht fhadtéarmach na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta a chosaint.

Le linn na tréimhse 2027-2030, ní mór don Eoraip obair a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na hintleachta saorga, go háirithe an intleacht shaorga ghiniúnach, ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus cothromaíocht a bhaint amach idir na deiseanna a bhaineann léi agus na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith inti. Áirítear orthu sin tionchar ar chruthaitheacht an duine, ar fhostaíocht, ar luach saothair cóir, ar shamhlacha gnó, ar iomaíochas, ar úsáid sonraí, ar chóipcheart agus ar chearta gaolmhara, ar thrédhearcacht, ar inrochtaineacht, ar infhionntacht, ar éagsúlacht teanga agus ar shuntasacht ábhair Eorpaigh. Chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar sin, ní mór an bonneagar cóipchirt a nuachóiriú[9]. Beidh malartú leanúnach idir na Ballstáit, arna thacú le hidirphlé beartais, le gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta straitéisí agus le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa réimse sin, ar réimse é atá ag forbairt go tapa, chun freagairtí beartais iomchuí a shainaithint agus chun dúbláil na hoibre a dhéantar i gcomhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle a sheachaint, agus ag an am céanna déanfar réimsí saineolais agus inniúlachtaí a urramú. Beidh an straitéis IS atá beartaithe d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta[10] bunaithe ar chomhairliúchán leis na Ballstáit.

---

[9] Ba cheart bonneagar cóipchirt a thuiscint mar 'sraith rialacha, teicneolaíochtaí agus institiúidí lena leagtar amach cleachtais bainistithe sonraí sna tionscail chruthaitheacha'.

[10] Tionscnamh ón gCoimisiún faoin gCompás Cultúir don Aontas Eorpach, ag tógáil ar an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.

Tá gá le tuilleadh gníomhaíocht chomhordaithe chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus inchomparáideacht sonraí cultúrtha Eorpacha, chun feabhas a chur ar fhaireachán agus ar mheastóireacht ar thionchar eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí i gcoitinne. Ba cheart don Phlean Oibre rannchuidiú le Mol Sonraí Cultúrtha de chuid an Aontais atá beartaithe a fhorbairt[11].

Ní mór freagairt freisin ar thionchar leanúnach na géarchéime aeráide ar earnálacha cultúir agus oidhreachta na hEorpa, chomh maith le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna leanúnacha eile de chineál arb é an duine is cúis leo. Ba cheart leanúint den chultúr agus den oidhreacht chultúrtha a léiriú ar bhealach iomchuí sna straitéisí ábhartha agus sa chomhar trasearnálach faoi chur chuige an Aontais maidir le hullmhacht, lena n-áirítear an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Straitéis um Aontas na hUllmhachta. Ag an am céanna, leis an bPlean Oibre, ba cheart an comhar a neartú maidir le hullmhacht i gcomhair rioscaí, cosc agus bainistiú, oiriúnú meántéarmach agus fadtéarmach don athrú aeráide agus freagairt éigeandála na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta, chomh maith le hathbhunú agus téarnamh na hoidhreachta cultúrtha. Ba cheart dó úsáid an digitithe a chur chun cinn chun an cultúr agus an oidhreacht a chaomhnú, lena n-áirítear cartlanna closamhairc.

Tá sé ríthábhachtach i gcónaí tacú le cosaint, caomhnú, athchóiriú agus cur chun cinn na hoidhreachta cultúrtha inláimhsithe agus doláimhsithe, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha faoi uisce, chun féiniúlacht chomhroinnte Eorpach, comhtháthú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe a chothú. Chun iarrachtaí a dhéanamh gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha a chomhrac agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint ar scriosadh de dheasca tubaistí nádúrtha, an athraithe aeráide, coinbhleachta, gadaíocht ó institiúidí cultúrtha agus idirghabháil dhaonna, tá gá le comhar leanúnach, comhroinnt eolais agus comhtháthú i bhfreagairtí coinbhleachta agus géarchéime níos leithne agus i mbearta ullmhachta.

[11] Tionscnamh ón gCoimisiún faoin gCompás Cultúir don Aontas Eorpach.

Ba cheart na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a spreagadh agus iad i mbun iarrachtaí leanúint dá n-aistriú glas agus de mhéadú na hinbhuanaitheachta, lena n-áirítear trí bhonneagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, trí phróisis táirgthe inbhuanaithe, agus trí astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cháilíocht na timpeallachta tógtha agus ar ról earnáil na hailtireachta le go mbainfear amach í, i gcomhréir leis an Bauhaus Eorpach Nua[12]. Ba cheart na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a aithint freisin mar spreagthóirí don athrú a chabhraíonn le freagracht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, leis an bPlean Oibre, cur leis na moltaí i dtuarascáil 2025 MOC *Creative Shifts*: *Empowering culture for sustainable living [Athruithe cruthaitheacha: an cultúr a chumhachtú le haghaidh maireachtáil inbhuanaithe]*.

Ina theannta sin, ba cheart, leis an bPlean Oibre comhar a chothú maidir le forbairt beartais i bhfo-earnálacha áirithe cultúrtha agus cruthaitheacha, mar shampla, an earnáil closamhairc (lena n-áirítear scannáin, teilifís, físchluichí agus ilmheáin), earnáil an cheoil, earnáil na leabharlainne, earnáil na foilsitheoireachta agus earnáil na leabhar, faisean agus dearadh cruthaitheach, earnálacha na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúrtha, d'fhonn iomaíochas, athléimneacht, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú.

---

12 I gcomhréir freisin le hobair ghrúpa MOC de shaineolaithe na mBallstát maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in ailtireacht agus i dtimpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách (2021).

(d) Caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta (CCI) agus comhpháirtíochtaí

Ba cheart, leis na bPlean Oibre, díriú ar ról an chultúir i ngníomhaíocht sheachtrach agus i dtaidhleoireacht an Aontais, ag tógáil ar na moltaí i dtuarascáil MOC maidir le Rialachas CCI *From soft power to Deep Power: EU Governance of ICR in a Changing World [Ón gcumhacht bhog go dtí cumhacht dhoimhin: rialachas an Aontais ar CCI i ndomhan atá ag athrú].* Le gníomhaíochtaí faoin bPlean Oibre, ba cheart tacú le cur chuige comhleanúnach i leith CCI agus ba cheart rannpháirtíocht na mBallstát a áirithiú in ullmhú agus i gcur chun feidhme chur chuige straitéiseach an Aontais i leith CCI.

Le rannpháirtíocht níos mó le Comhairle na hEorpa, le UNESCO agus le comhpháirtithe iltaobhacha ábhartha eile, is féidir comhar a chothú agus an dúbláil oibre ar thosaíochtaí coiteanna a sheachaint. I bhfianaise na n-éagobhsaíochtaí geopholaitiúla leanúnacha, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcultúr agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint i réigiúin atá buailte ag coinbhleacht. De réir mar a leanann ionsaithe spriocdhírithe ar an oidhreacht chultúrtha, ar bhonneagar cruthaitheach agus ar ealaíontóirí san Úcráin, agus coinbhleachtaí in áiteanna eile a bheith ag cur isteach ar an saol cultúrtha i gcónaí, ba cheart do na Ballstáit freagairt chomhordaithe a choinneáil ar bun, i gcomhréir le tionscnaimh, mar shampla, Cur Chuige Fhoireann na hEorpa (CFE) don Oidhreacht Chultúrtha san Úcráin agus le bearta ábhartha eile[13].

I nDoiciméad Toraidh, MONDIACULT 2025, cuirtear treoirphlean soiléir ar fáil le haghaidh gníomhaíocht dhomhanda chomhchoiteann chun ról an chultúir san fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun clár oibre an fhorbartha tar éis 2030 a mhúnlú. Ba cheart, le gníomhaíochtaí faoin bPlean Oibre, tacú leis an bhfís sin agus rannchuidiú comhroinnte leis an bplé ábhartha a fhorbairt chun ról an chultúir mar spreagadh don fhorbairt inbhuanaithe a threisiú, lena n-áirítear tríd an obair i dtreo na gcuspóirí sin a chur chun cinn ag MONDIACULT 2029 agus trí rannpháirtíocht i bpróisis idirnáisiúnta ábhartha eile.

---

[13] Féach, sa chomhthéacs sin, mír 13 de na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 agus an 19 Meitheamh 2026 (EUCO 8/26).

II. CUR CHUN FEIDHME AGUS MODHANNA OIBRE

Ag tógáil ar an Dearbhú Comhpháirteach ‘An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa’, sainaithnítear sa Phlean Oibre don Chultúr 2027-2030 dúshláin choiteanna na mBallstát i réimse an bheartais chultúrtha agus éascaítear leis comhar agus malartú idir na Ballstáit. Áirítear leis sin tosaíochtaí a leagan amach a bheidh le breithniú ag Uachtaránachtaí na Comhairle agus a bheidh mar bhonn eolais don phlé ar leibhéal na Comhairle, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin. Leis an bPlean Oibre, ba cheart rannpháirtíocht struchtúrtha agus ionchur ó na Ballstáit i bpríomhghníomhaíochtaí suaitheanta a leagtar amach sa Chompás Cultúir a éascú.

Leagtar amach sa Phlean Oibre téamaí le haghaidh plé agus díospóireacht ar na leibhéil iomchuí le linn na tréimhse a chumhdaítear, chomh maith le príomhthéamaí le haghaidh athbhreithniú rialta ar leibhéal na meithle sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha.

Leagtar amach ann freisin socruithe eile le haghaidh rannpháirtíocht chomhordaithe an Aontais idir oifigigh agus saineolaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí piarfhoghlama, cleachtaí athbhreithniúcháin agus na grúpaí MOC.

Athbhreithniú agus solúbthacht

Tá sé ríthábhachtach solúbthacht agus inoiriúnaitheacht a choinneáil i bhforálacha agus i gcur chun feidhme Phlean Oibre an Aontais don Chultúr chun freagairt do riachtanais earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i dtimpeallacht pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíoch atá dúshlánach agus ag athrú. Dá bhrí sin, ag deireadh gach foirne trí Uachtaránacht laistigh de thráthchlár an Phlean Oibre seo, éascóidh an Uachtaránacht reatha plé sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha chun nuashonruithe neamhfhoirmiúla a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Phlean Oibre. Breathnófar san athbhreithniú neamhfhoirmiúil sin ar an dul chun cinn a rinneadh, ar thionchar na ngníomhaíochtaí a rinneadh, agus féadfar coigeartuithe ar ghníomhaíochtaí ina dhiaidh sin a mholadh i bhfianaise na dtorthaí a baineadh amach agus/nó forbairtí beartais ábhartha ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Ní chuireann sé sin bac ar Uachtaránachtaí eile tuilleadh athbhreithnithe neamhfhoirmiúla a éascú, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.

Príomhshruthú

Tá comhordú agus comhar méadaithe idir an beartas cultúrtha agus fóraim ceaptha beartas eile de chuid an Aontais agus fóraim ceaptha beartas náisiúnta eile ríthábhachtach i gcónaí. Tá príomhshruthú an bheartais cultúir agus gníomhaíochta comhordaithe ríthábhachtach chun leas a bhaint as acmhainneacht an chultúir dul chun cinn sochaíoch a spreagadh. Dá bhrí sin, féachann an Plean Oibre le feabhas a chur ar an gcomhar agus an fhoghlaim thrasearnálach leis na hinstitiúidí ábhartha. Áirítear leis sin comhar ar leibhéal na saineolaithe, idirghníomhaíocht níos dlúithe idir comhlachtaí ullmhúcháin éagsúla de chuid na Comhairle, agus rannpháirtíocht mhéadaithe leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

III. GNÍOMHAÍOCHTAÍ

A. Idirphlé beartais - Intleacht Shaorga agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (ECC)

Cuspóir: tacú le comhar beartais agus malartú faisnéise maidir leis na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga, malartú taithí maidir le bearta náisiúnta san áireamh, chomh maith le treoir phraiticiúil agus fothú acmhainneachta d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme Straitéis IS an Aontais a bheidh ann amach anseo d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

Réasúnaíocht: Tá dúshláin agus deiseanna suntasacha ag baint leis an intleacht shaorga d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Áirítear ar na príomh-shaincheisteanna a shainaithin na Ballstáit oiliúint agus úsáid eiticiúil, inbhuanaithe, fhreagrach agus dhuinelárnach na hintleachta saorga; cóipcheart agus cearta gaolmhara a urramú; trédhearcacht maidir le húsáid ábhair faoi chosaint; coinníollacha fostaíochta agus oibre; luach saothair cóir in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta; éagsúlacht chultúrtha agus éagsúlacht teanga; tionchar na hintleachta saorga ar chleachtas cruthaitheach, chomh maith le sonraí cultúrtha mar acmhainn don intleacht shaorga agus don nuálaíocht. Cé go bhfuil aghaidh á tabhairt ar chuid de na hábhair sin trí thionscnaimh bheartais eile, ba cheart go leor saincheisteanna a bhaineann leis an intleacht shaorga a chur san áireamh sa straitéis intleachta saorga atá ar na bacáin d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. In éineacht leis sin, moltar sa Phlean Oibre 2027-2030 sraith Idirphlé Beartais spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna éagsúla atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an intleacht shaorga agus le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus chun tacú leis an gcruthaitheacht, leis an nuálaíocht agus leis an éagsúlacht atá dírithe ar an duine i ré na hintleachta saorga. I bhfianaise luas tapa fhorbairtí na hintleachta saorga, is féidir le hidirphlé beartais atá solúbtha ach rialta struchtúr freagrúil a chur ar fáil le haghaidh malartuithe agus idirghabhálacha spriocdhírithe sofhreagrúla a bhaineann le saincheisteanna tráthúla na hintleachta saorga le linn thréimhse an Phlean Oibre.

Ba cheart ceachtanna, dea-chleachtas agus moltaí ón Idirphlé Beartais a bheith mar bhonn eolais don phlé polaitiúil agus saineolach. Ba cheart liosta iomlán na n-ábhar sonrach a bheith solúbtha chun go mbeifear in ann freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar thopaicí táscacha, ach gan a bheith teoranta dóibh:

1. An intleacht shaorga agus an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn

Cuspóir: iniúchadh a dhéanamh ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar thionchar na hintleachta saorga ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga, ar rannpháirtíocht sa saol cultúrtha sa timpeallacht dhigiteach, ar inrochtaineacht agus infhionntacht ábhair éagsúil Eorpaigh.

An t-aschur ionchasach: tuairimí, smaointe agus moltaí faoin gcaoi a bhféadfar an éagsúlacht chultúrtha ar líne a chosaint agus a fheabhsú agus rannpháirtíocht teangacha réigiúnacha agus mionlaigh i gcórais intleachta saorga a chur chun cinn, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht agus infhionntacht ábhair éagsúil. Ba cheart do na torthaí cur le forbairt straitéis na hintleachta saorga agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i gcoitinne agus í a chomhlánú, agus cur leis an bplé leanúnach domhanda i bhfóraim idirnáisiúnta um beartas cultúrtha, lena n-áirítear na fóraim sin a tionóladh faoi Choinbhinsiún UNESCO 2005.

2. An intleacht shaorga agus an fhostaíocht in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta

Cuspóir: iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar easáitiú agus claochlú post agus ar fhostaíocht in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, ar dhálaí oibre, ar luach saothair cothrom, ar chruthaitheacht an duine, ar riachtanais scileanna, ar smaointeoireacht chriticiúil agus ar litearthacht intleachta saorga.

An t-aschur ionchasach: athbhreithniú piaraí/bailiú fianaise ar thionchar IS ar an margadh saothair agus breithniú ar fhreagairtí beartais atá ag teacht chun cinn.

3. Saincheisteanna eile atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an intleacht shaorga

D'fhéadfadh idirphlé beartais breise a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an intleacht shaorga agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta malartú faisnéise a éascú maidir le saincheisteanna eile atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le tionscnaimh ábhartha arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le príomhthosaíochtaí gníomhaíochta a shainaithnítear i Straitéis IS an Aontais d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. D'fhéadfadh na hábhair seo a leanas a bheith i gceist:

- oideachas sna healaíona, scileanna agus oiliúint i ré na hintleachta saorga;
- freagairtí earnálacha ar thionchar na hintleachta saorga (lena n-áirítear tionchar na hintleachta saorga ar an earnáil chlosamhairc, físchluichí, ceol, dearadh, foilsitheoireacht agus earnáil leabhar na hEorpa, leabharlanna, músaeim agus oidhreacht chultúrtha nó eile);
- deiseanna agus dea-chleachtais maidir le húsáid a bhaint as an intleacht shaorga don chruthaitheacht, do tháirgeadh cultúrtha, do scaipeadh agus do rochtain ar chultúr;
- sonraí cultúrtha mar acmhainn don intleacht shaorga agus don nuálaíocht lena léirítear luachanna Eorpacha agus lena gcuirtear éagsúlacht chultúrtha agus teanga chun cinn.

B. Gníomhaíochtaí Piarfhoghlama/Ceardlanna

i) Gníomhaíochtaí Piarfhoghlama

Tugadh faoi deara i dTuarascáil an Choimisiúin maidir le Plean Oibre 2023-2026 gur spéis leis na Ballstáit úsáid níos mó a bhaint as gníomhaíochtaí piarfhoghlama. Is malartuithe deonacha faoi stiúir na mBallstát iad sin ar leibhéal na saineolaithe, lena gcuirtear creat praiticiúil ar fáil do thíortha rannpháirteacha chun taithí a chomhroinnt, cineálacha cur chuige beartais a chur i gcomparáid le chéile, agus dea-chleachtais a shainaithint. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh gníomhaíochtaí piarfhoghlama tuarascálacha achoimre agus moltaí praiticiúla a chur ar fáil. Ba cheart do ghníomhaíochtaí piarfhoghlama leanúint de bheith solúbtha agus freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Féadfar na nithe seo a leanas a chumhdach leo:

- *Stádas ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha*: malartú taithí ar ábhair a mbíonn tionchar acu ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, mar shampla, coinníollacha oibre, luach saothair cothrom, bearnaí inscne agus ionadaíochta, bacainní ar shoghluaisteacht trasteorann nó obair leantach ar mholtaí MOC a bhí ann roimhe seo[14].

- *Faisean cruthaitheach*: malartú dea-chleachtas maidir leis na dúshláin struchtúracha atá roimh an bhfaisean cruthaitheach mar earnáil chultúrtha agus chruthaitheach ar leith, lena n-áirítear aistriú inbhuanaitheachta, rochtain ar mhaoiniú, scileanna agus seachadadh ceirde.

- *Caomhnú fadtéarmach na hoidhreachta cultúrtha digití*: malartú dea-chleachtas agus an fhéidearthacht réitigh agus uirlisí coiteanna a fhorbairt chun cineálacha éagsúla oidhreachta cultúrtha digití san Aontas a chaomhnú go fadtéarmach ar bhonn trasteorann, lena n-áirítear, i measc nithe eile, oidhreacht chlosamhairc, théacsúil, amhairc agus thógtha, d'fhonn ullmhacht agus athléimneacht a fheabhsú, lena n-áirítear cibear-athléimneacht, in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

---

[14] Grúpa saineolaithe an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) de chuid na mBallstát maidir le *The Status and Working Conditions of Artists and creative and Cultural Professionals* [Stádas agus Dálaí Oibre na nEalaíontóirí agus na nGairmithe Cruthaitheacha agus Cultúrtha] (2023).

- *Rochtain ar chultúr agus ar rannpháirtíocht chultúrtha*: malartú dea-chleachtas chun tacú le rochtain ar chultúr agus ar oidhreacht chultúrtha agus rannpháirtíocht iontu, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta, agus dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta.

D'fhéadfaí oideachas cultúir agus ealaíon, lena n-áirítear oideachas scannánaíochta, a áireamh ar thopaicí breise gníomhaíochtaí piarfhoghlama a d'fhéadfadh a bheith ann; ealaíontóirí i mbaol; athléimneacht dhaonlathach agus cuimhneachán Eorpach; oidhreacht bheo, ceardaíocht thraidisiúnta agus oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe; leabharlanna, foilsitheoireacht agus earnáil Eorpach na leabhar; dearadh, ailtireacht agus timpeallachtaí maireachtála ardcháilíochta; earnáil an chlosamhairc agus na scannánaíochta; earnáil an cheoil; an gháinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha; oidhreacht chultúrtha faoi uisce.

ii) Ceardlanna

Is éard is 'ceardlanna' ann malartuithe faoi stiúir an Choimisiúin ina dtugtar le chéile na Ballstáit, saineolaithe agus páirtithe leasmhara, i gcás inarb iomchuí. Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach sna ceardlanna:

- *Cultúr agus sláinte*: malartú dea-chleachtas maidir le comhar leanúnach idir earnáil an chultúir agus earnáil na sláinte agus earnáil na folláine, lena n-áirítear rannchuidiú le treoirlínte an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le cultúr, sláinte agus folláine.[15]

[15] Tionscnamh ón gCoimisiún faoin gCompás Cultúir don Aontas Eorpach.

C. Grúpaí an mhodha oscailte comhordúcháin (MOC)

Cuspóir: comhar struchtúrtha saineolaithe a éascú agus moltaí praiticiúla a fhorbairt maidir le ceapadh beartas ar leibhéal an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, ar an leibhéal náisiúnta.

i) *Maoiniú don chultúr a chur ar fáil: infheistíocht a spreagadh in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta*

Réasúnaíocht: is den ríthábhacht é go mbeadh maoiniú leordhóthanach ann don chultúr chun earnáil an chultúir atá níos láidre agus níos iomaíche a áirithiú. Mar sin féin, tá brú leanúnach ar bhuiséid chultúir ar fud na hEorpa.

Cuspóir: déanfaidh an grúpa MOC sin scrúdú ar mhaoiniú don chultúr agus dréachtóidh sé moltaí do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais maidir leis an tslí ar féidir úsáid uirlisí nuálacha maoiniúcháin a spreagadh a thuilleadh, chomh maith le foinsí príobháideacha, daonchairdiúla agus foinsí agus sásraí eile cistiúcháin agus comhair a dhreasú agus a bhainistiú, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Áirítear leis sin scrúdú a dhéanamh ar an tslí ar féidir earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú trí thimpeallacht chumasúcháin a chruthú le haghaidh cistiú méadaithe, agus ar an tslí is fearr is féidir le hinstitiúidí cultúrtha agus gairmithe cultúrtha a bhforbairt a bhainistiú agus aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí gaolmhara. Féachfaidh an grúpa MOC freisin ar an gcaoi a bhféadfar maoiniú don chultúr a leabú go cothrománach in ionstraimí cistiúcháin éagsúla, ionas go bhféadfaidh an cultúr tairbhe a bhaint as an taighde, an fiontar, an tsoghluaisteacht, an fhorbairt idirnáisiúnta, i measc nithe eile. Ba cheart don ghrúpa MOC saineolaithe ar an mbeartas cultúir agus saineolaithe ar shásraí maoiniúcháin poiblí agus príobháideacha a thabhairt le chéile. Ba cheart dó féachaint freisin ar obair UNESCO atá ag teacht chun cinn maidir le forbairt treoirlínte agus moltaí i ndáil leis an maoiniú don chultúr, lena n-áirítear trí chuireadh a thabhairt do shaineolaithe ábhartha ó UNESCO páirt a ghlacadh sa ghrúpa.

Féachfaidh an grúpa nua MOC sin le hathbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí agus ar mholtaí thuarascáil 2015 *Towards More Efficient Financial Ecosystems: Innovative Instruments to Facilitate Access to Finance for the Cultural and Creative Sectors'* [I dTreo Éiceachórais Airgeadais níos Éifeachtúla: Ionstraimí Nuálacha chun Rochtain ar Mhaoiniú a Éascú d'Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta]. Cuirfidh sé freisin leis na ceachtanna agus na hacmhainní a forbraíodh faoin tionscadal Creative FLIP (Airgeadas, Foghlaim, Nuálaíocht agus Cearta Maoine Intleachtúla do thionscal earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta).

Cabhróidh gníomh an ghrúpa MOC le bonn eolais a chur faoi 'Treoirlínte beartaithe an Aontais maidir le hinfheistíocht straitéiseach sa chultúr'[16], agus iniúchadh a dhéanamh ar uirlisí nuálacha infheistíochta chun caipiteal príobháideach a mhealladh, lena n-áirítear maoiniú daonchairdis, i gcomhar leis na hinstitiúidí airgeadais ábhartha.

Spriocthorthaí: tuarascáil ó shaineolaithe ina leagtar amach príomh-mholtaí chun an cultúr a leabú i sásraí cistiúcháin trasearnálacha, agus chun timpeallacht chumasúcháin a fhorbairt le haghaidh mhaoiniú poiblí agus príobháideach an chultúir.

ii) Cultúr agus oidhreacht in ullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna agus tubaistí

Réasúnaíocht: i gcomhthéacs geopholaitiúil domhanda atá ag éirí níos luainí, is rómhinic a bhíonn an cultúr agus an oidhreacht chun tosaigh ar choinbhleacht agus ar éagobhsaíocht. Is iomaí cineál ionsaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear díriú díreach ar bhonneagar cultúrtha agus ar shuíomhanna oidhreachta cultúrtha. Le cogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, leantar de bhéim a leagan ar scriosadh spriocdhírithe an chultúir agus na hoidhreachta mar oirbheart a dhéantar d'aon ghnó sa chogaíocht chultúrtha, atá ceaptha chun an bonn a bhaint den fhéiniúlacht chultúrtha agus í a scriosadh. Tá rioscaí suntasacha ann freisin maidir le cásanna éigeandála do láithreáin chultúir agus oidhreachta ar fud an Aontais mar gheall ar phatrún méadaitheach na dteagmhas adhaimsire, lena n-áirítear tuilte, tonnta teasa agus falscaithe, arb í an ghéarchéim aeráide is cúis leo, agus tá gá le machnamh, anailís agus gníomhaíochtaí ullmhachta nithiúla comhordaithe trasearnálacha sula dtarlaíonn na teagmhais sin. Ina theannta sin, tá gadaíocht ó mhúsaeim agus ó institiúidí cultúrtha eile ina bagairt mhéadaitheach ar shláine na hoidhreachta cultúrtha i roinnt Ballstát.

---

16 Tionscnamh ón gCoimisiún faoin gCompás Cultúir don Aontas Eorpach.

Cuspóir: d'fhoghlaim an Eoraip óna freagairt ar ghéarchéimeanna a bhí ann le déanaí gur féidir le gníomhaíochtaí an Aontais na tionscnaimh dhéthaobhacha arna ndéanamh ag na Ballstáit a chomhlánú agus gur féidir leo rannchuidiú agus teimpléad luachmhar a chur ar fáil le haghaidh ullmhacht i leith géarchéimeanna, bainistiú riosca agus freagairt éigeandála in earnálacha an chultúir agus na hoidhreachta. Ba cheart don ghrúpa MOC breithniú a dhéanamh ar shásraí luathrabhaidh agus freagartha láithrí, ar chosaint, ar chaomhnú agus ar athbhunú an chultúir agus na hoidhreachta, agus ar dhea-chleachtais maidir le bearta slándála i gcoinne na gadaíochta ó mhúsaeim agus ó institiúidí cultúrtha eile. Le tionscnaimh amhail Cur Chuige Fhoireann na hEorpa (CFE) don Oidhreacht Chultúrtha san Úcráin, a fhreagraíonn d'ionsaithe ar an gcultúr, agus le cosaint na hoidhreachta cultúrtha a áireamh i gcreataí cosanta sibhialta an Aontais, soláthraítear cur chuige atá comhordaithe, éifeachtach agus inscálaithe. Moltar i Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta raon gníomhaíochtaí a leanann cur chuige uile-ghuaise, uile-shochaí, uile-rialtais. Trí shaineolaithe i mbeartas cultúir agus oidhreachta agus saineolaithe maidir le hullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna agus tubaistí a thabhairt le chéile, féachfaidh an grúpa MOC le moltaí a leagan amach le haghaidh samhail dhinimiciúil, fhreagrúil agus éifeachtach chun freagairt an Aontais ar bhagairtí ar chomhoidhreacht chultúrtha a chomhordú, agus na creataí agus na huirlisí ullmhachta agus freagartha i leith géarchéimeanna agus tubaistí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais á gcur san áireamh. Ba cheart don ghrúpa MOC aghaidh a thabhairt ar ullmhacht i leith géarchéimeanna agus tubaistí, ar bhainistiú riosca agus ar fhreagairtí éigeandála ar an oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe araon, agus teicneolaíochtaí caomhnaithe digiteacha á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.

Spriocthorthaí: tuarascáil ó shaineolaithe ina leagtar amach príomh-mholtaí agus príomhuirlisí le haghaidh géarchéimeanna oidhreachta cultúrtha agus ullmhacht i leith tubaistí agus bainistiú riosca chun cur chuige níos straitéisí, níos gasta, níos éifeachtaí agus níos freagrúla a fhorbairt maidir leis an gcultúr agus an oidhreacht inláimhsithe agus dholáimhsithe a chosaint.

iii) Saoirse ealaíne: acmhainneachtaí a fheabhsú chun saoirse ealaíne a chosaint

Réasúnaíocht: i bhfianaise ról an chultúir agus na n-ealaíon maidir le luachanna Eorpacha agus athléimneacht dhaonlathach a chaomhnú, tá tábhacht ar leith ag baint le saoirse ealaíne a neartú. Leis an tsaoirse ealaíne, cumasaítear léiriú, idirphlé agus rannpháirtíocht saoránach atá saor agus iolraíoch. Ina theannta sin, sainaithníodh an tsaoirse ealaíne mar phríomhábhar imní don Phlean Oibre i gcomhairliúchán leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ó earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus tá méadú ag teacht ar bhrúnna díreacha agus indíreacha ar ealaíontóirí agus ar ghairmithe cultúrtha.

Cuspóir: le gníomh an ghrúpa MOC, ba cheart saineolaithe ar an mbeartas cultúir, ar chearta an duine nó ar an mbeartas ceartais a thabhairt le chéile i gcomhar le hionadaithe ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Comhairle na hEorpa agus UNESCO, a chuireann gníomhaíochtaí tuairiscithe agus mapála chun feidhme cheana féin agus a bhfuil socrú caighdeán beartas á fhorbairt acu sa réimse sin. Ba cheart don ghrúpa sin malartú a éascú i dtaca leis na creataí, tionscnaimh agus dea-chleachtais atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal ilnáisiúnta agus féachaint ar bhearta lena gcosnófaí saoirse ealaíontóirí agus lena gcuirfí timpeallachtaí cumasúcháin le haghaidh cruthú ealaíonta chun cinn. Ba cheart don ghrúpa sin scrúdú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige atá ann cheana féin chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shaoirse ealaíne ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ba cheart bearnaí a shainaithint lena gcuirtear bac ar fhorbairt na bhfreagairtí beartais éifeachtúla chun saoirse ealaíne a chosaint. Leis an obair sin, ba cheart féachaint le tionscnaimh atá ann cheana, arna ndéanamh ag Comhairle na hEorpa, UNESCO, eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus an saol acadúil, a chomhlánú agus dúbláil na dtionscnamh sin a sheachaint. Ba cheart don ghrúpa sin breithniú a dhéanamh freisin ar an tslí ar féidir le gníomhaíochtaí na Comhairle i réimse na saoirse ealaíne breisluach a chur ar fáil, agus rannchuidiú le cuspóirí beartais chultúrtha níos leithne, lena n-áirítear na tuarascálacha ar 'Staid an Chultúir' a fhorbairt[17].

Sprioctorthaí: tuarascáil ó shaineolaithe a chuireann le cineálacha cur chuige agus creataí idirnáisiúnta atá ann cheana, go háirithe na cineálacha cur chuige agus creataí ó Chomhairle na hEorpa agus UNESCO, ina leagtar amach dea-chleachtais agus moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le feabhas a chur ar chumais agus ar acmhainneachtaí chun saoirse ealaíne a chosaint agus a neartú agus ina sainaithnítear deiseanna do thionscnaimh chomhpháirteacha amach anseo le Comhairle na hEorpa agus le UNESCO.

[17] Tionscnamh ón gCoimisiún faoin gCompás Cultúir don Aontas Eorpach.

D. Líonraí agus teagmhálacha saineolaithe

i) Líonra Mhol Sonraí Cultúrtha an Aontais Eorpaigh

Réasúnaíocht: tá gá le hobair leanúnach chun cumais bailithe sonraí, taighde agus faireacháin a fhorbairt i réimse an chultúir ar fud an Aontais. Leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach gealltanas comhchoiteann maidir le '[t]ionscnaimh a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí fónta inchomparáide maidir leis an gcultúr chun tacú le beartais chultúrtha atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt.' I gcomhréir leis an méid sin, tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún go bhforbróidh sé Mol Sonraí Cultúrtha nua de chuid an Aontais.

Cuspóir: fóram a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún chun dea-chleachtas a roinnt, smaointe a thástáil agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i dtomhas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ar leibhéal an Aontais, in éineacht le saineolaithe sa réimse, chun comhleanúnachas níos fearr a fhorbairt agus obair ar shonraí cultúrtha a ailíniú, de réir mar is iomchuí. Tiocfaidh gníomhaíochtaí an líonra leis an obair atá á déanamh cheana ar staidreamh oifigiúil agus ba cheart dóibh tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear trí mhalartú deonach cleachtas maidir le méadracht choiteann, idir-inoibritheacht agus rialachas freagrach sonraí. Ba cheart na gníomhaíochtaí gaolmhara a úsáid freisin i bhforbairt Mhol Sonraí Cultúrtha an Aontais. Ba cheart cuspóirí agus sainchúram an líonra a phlé sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha sula gcuirfear tús lena chuid gníomhaíochtaí.

Sprìocthoradh: líonra de shaineolaithe ó na Ballstáit a oibríonn go déthaobhach nó go hiltaobhach ar bhonn deonach agus *ad hoc* ar thomhas agus anailís a dhéanamh ar chultúr agus ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

ii) Cruinnithe na nOifigeach Sinsearach maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta

Réasúnaíocht: agus na moltaí ón ngrúpa MOC maidir le Rialachas an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta á gcur san áireamh, is féidir cruinnithe rialta de na hoifigigh shinsearacha maidir leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a reáchtáil gach 6 mhí mar shaincheart de chuid na hUachtaránachta, ar bhonn deonach. De rogha air sin, le coiste tacaíochta neamhfhoirmiúil de chruinnithe na n-oifigeach sinsearach ina bhfuil Ballstáit leasmhara, chabhrófaí le leanúnachas a áirithiú idir na cruinnithe sin a eagrú agus trí réamhphleanáil ábhar agus clár oibre a éascú. Ba cheart saineolaithe i réimse an chultúir agus an chaidrimh sheachtraigh ó na Ballstáit leasmhara agus ó sheirbhísí an Choimisiúin agus ó SEGS a bheith ar an gcoiste sin, de réir mar is ábhartha, ón gcultúr agus ó ghnóthaí eachtracha araon chun réimse beartais chomhroinnte an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta a léiriú.

Sprìocthoradh: cruinnithe rialta chun tacú le leanúnachas, pleanáil straitéiseach agus comhordú beartais le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta.

E. Obair leantach ar MOCanna san am a chuaigh thart

Príomhcheacht a foghlaimíodh ó Phlean Oibre 2023-2026 ba ea an gá go leanfadh líonraí arna bhforbairt ag grúpaí MOC de bheith ag feidhmiú lasmuigh de thuarascáil MOC agus de rannpháirtíocht leanúnach a cheadú chun cur chun feidhme moltaí a spreagadh[18]. Le Plean Oibre 2027-2030, féachfar le leanúnachas agus seachadadh a áirithiú faoi fhócas téamach MOCanna a rinneadh le déanaí trí ghníomhaíochtaí lena n-áirítear (i) cleachtaí athbhreithniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann, (ii) seisiúin neamhfhoirmiúla tuairimíochta ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha chun an t-eolas is déanaí a roinnt maidir le cur chun feidhme náisiúnta agus uile-Aontais na moltaí; agus (iii) moltaí ó chleachtaí MOC a chur isteach i bpróisis forbartha beartais eile.

F. Cuir i láthair aíonna/malartuithe ó bhéal ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha

Cuspóir: i gcás ábhair a bhaineann leis an gcultúr a dtugtar aghaidh orthu i gcomhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle, nó go seachtrach, d'fhéadfadh 'cuir i láthair aoi/malartuithe ó bhéal ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha' an deis a chur ar fáil chun smaointe agus nuashonruithe maidir le saincheisteanna ábhartha a chomhroinnt. D'fhéadfaí na hábhair seo a leanas a áireamh ar liosta táscach na n-ábhar:

- *An Úcráin: cultúr, oidhreacht chultúrtha agus téarnamh*

Seisiúin tuairimíochta sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha maidir le Cur Chuige Fhoireann na hEorpa (CFE) agus bearta tacaíochta eile chun riachtanais agus deiseanna breise a mheas agus a shainaithint le haghaidh comhair agus tacaíocht á tabhairt don Úcráin i réimsí an chultúir agus na hoidhreachta.

- *Cearta cultúrtha, an daonlathas cultúrtha agus na healaíona atá rannpháirteach go sóisialta: Comhroinnt dea-chleachtas*

Plé sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha le hionchur ó pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Cultúrtha.

---

18 Féach an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026.

- *Iomaíochas agus gnéithe cultúrtha earnáil Eorpach na bhfíschluichí*

Seisiún tuairimíochta ag cruinniú comhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha agus ag an Meitheal um Chlosamharc agus Meáin.

- *Beartas ailtireachta, timpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách agus Bauhaus Eorpach Nua*

Seisiún tuairimíochta ag cruinniú comhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha agus ag an Meitheal um an gComhshaol, le hionchur ó pháirtithe leasmhara eile, ar nós líonra na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta.

- *Cóipcheart – cur i láthair ó mheithleacha eile*

Seisiún tuairimíochta ag cruinniú comhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha agus ag an Meitheal um Maoin Intleachtúil (Cóipcheart).

- *Cultúr, stair agus cuimhneachán na hEorpa*

Seisiún tuairimíochta ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha chun páirtithe leasmhara ábhartha i ngnóthaí idirnáisiúnta, comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, nó comhlachtaí eile a chur san áireamh.

Ní chuireann an liosta thuas cosc ar Uachtaránachtaí aghaidh a thabhairt ar ábhair ábhartha eile, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.

G. Gníomhaíochtaí eile

I gcomhréir le Pleananna Oibre an Aontais don Chultúr a bhí ann roimhe seo, leanfaidh comhdhálacha, seimineáir, staidéir agus gníomhaíochtaí eile de bheith ag rannchuidiú le cur chun feidhme an Phlean Oibre agus le hiniúchadh a dhéanamh ar théamaí tosaíochta.

Agus an gá atá le solúbthacht agus freagrúlacht faoin bPlean Oibre seo á choinneáil, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar théamaí táscacha do thionscnaimh atá faoi stiúir na hUachtaránachta, agus ar aschuir a d'fhéadfadh a bheith ag an gComhairle:

- An méid a chuireann leabharlanna agus na meáin le hathléimneacht na sochaí;
- An oidhreacht chultúrtha a chosaint agus gáinneáil aindleathach a chomhrac;
- Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta;
- Scileanna agus gairmeacha cultúrtha in aimsir an athraithe;
- Cóipcheart agus Cultúr;
- Oidhreacht Chultúrtha Dholáimhsithe;
- Éiceachóras cultúrtha cumhachtach le haghaidh sochaí athléimneach shláintiúil;
- Ról an chultúir maidir le folláine, rannpháirtíocht shibhialta agus athléimneacht an phobail a fheabhsú;
- Oidhreacht chultúrtha faoi uisce;
- Cultúr agus an turasóireacht inbhuanaithe.

Tráthchlár táscach maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2027-2030

	2027		2028		2029		2030	
	H1	**H2**	**H1**	**H2**	**H1**	**H2**	**H1**	**H2**
A. Luachanna, cearta cultúrtha agus saoirse ealaíne na hEorpa a neartú								
An tsaoirse ealaíne			MOC					
Rochtain ar chultúr			Gníomhaíochtaí piarfhoghlama (*b'fhéidir*)					
Leabharlanna agus institiúidí cultúrtha	Comhdháil fhéideartha: Leabharlanna agus meáin le haghaidh athléimneacht shochaíoch agus rannpháirtíocht saoránach	Comhdháil fhéideartha: Leabharlanna poiblí, cultúr na léitheoireachta agus an litearthacht: dearcthaí Eorpacha agus tionscnaimh de chuid na Gréige				Measúnú		
Cearta cultúrtha					Cur i láthair aoi/malartú ó bhéal ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha (*b'fhéidir*)			
B. Ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha a chumhachtú agus tacú le daoine agus leis an tsochaí								
Cultúr agus sláinte		Comhdháil maidir le hoideas cultúrtha	Ceardlann (*b'fhéidir*)	Comhdháil agus conclúidí ón gComhairle (*b'fhéidir*)				

Stádas agus coinníollacha oibre							Athbhreithniú (*b'fhéidir*)	
Scileanna agus oiliúint			Comhdháil fhéideartha: Scileanna le bheith réidh don todhchaí ar mhaithe le cultúr, oidhreacht agus éiceachórais chruthaitheachta níos láidre					
Folláine, rannpháirtíocht saoránach agus athléimneacht an phobail.								Comhdháil agus conclúidí (*b'fhéidir*)
C. An cultúr, an t-iomaíochas, an athléimneacht, an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht agus an comhtháthú								
Maoiniú don chultúr	MOC							
			Comhdháil maidir le sásraí cistiúcháin					
Ullmhacht i leith géarchéimeanna agus tubaistí				MOC				

Sonraí cultúrtha			Líonra Saineolaithe					
An Intleacht Shaorga		Comhdháil maidir leis an gcaidreamh idir an intleacht shaorga, maoin intleachtúil agus dálaí fostaíochta in earnáil an chultúir Comhdháil maidir le húsáid na hintleachta saorga, arb é is aidhm di an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a chur chun cinn	An Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha: cur i láthair aoi/malartú ó bhéal (IS agus Cóipcheart)	Idirphlé beartais (*b'fhéidir*)		Idirphlé beartais (*b'fhéidir*)	Comhdháil & conclúidí ón gComhairle (*b'fhéidir*)	
Oidhreacht chultúrtha agus an aeráid		Cruinniú aireachta neamhfhoirmiúil Comhdháil maidir leis an ngeilleagar gorm agus láithreáin seandálaíochta faoi uisce a chur chun cinn	Comhdháil maidir le músaeim agus oidhreacht chultúrtha mar spreagadh don chosaint, don athghiniúint agus don athléimneacht					Athbhreithniú (*b'fhéidir*)
Malartuithe earnála (earnálacha an chlosamhairc, an cheoil)			An Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha: cur i láthair aoi/malartú ó bhéal (*b'fhéidir*) Comhdháil maidir le	An Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha: cur i láthair aoi/malartú ó				

			hoidhreacht scannán agus oideachas scannán	bhéal (*b'fhéidir*)				
Beartas ailtireachta	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta Comhdháil Eorpach maidir le Beartais Ailtireachta	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta Comhdháil Eorpach maidir le Beartais Ailtireachta	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta An Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha: cur i láthair aoi/malartú ó bhéal (*b'fhéidir*)	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta Comhdháil Eorpach maidir le Beartais Ailtireachta	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta	Cruinniú de na Stiúrthóirí Eorpacha do Bheartais Ailtireachta Comhdháil Eorpach maidir le Beartais Ailtireachta
Iomaíochas in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta	Comhdháil fhéideartha: Athmhachnamh a dhéanamh ar an iomaíochas san Aontas: an méid a chuireann tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta le hiomaíochas an Aontais							
D. Caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta (CCI) agus comhpháirtíochtaí								
Gáinneáil aindleathach		Comhdháil maidir leis an ngáinneáil neamhdhleathac						

		h ar earraí cultúir agus an gháinneáil ar shaothair ealaíne ghóchumtha						
An Úcráin	CFE	CFE	CFE	CFE	CFE An Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha: cur i láthair aoi/malartú ó bhéal (*b'fhéidir*)	CFE	CFE	CFE
CCI	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*)	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*)	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*) Comhdháil maidir leis an gcomhar cultúrtha a neartú ar fud na Meánmhara	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*)	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*) Athbhreithniú (*b'fhéidir*)	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*)	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*)	Cruinniú de na hOifigigh Shinsearacha (*b'fhéidir*)

Treoirlínte maidir le modhanna oibre

Prionsabail ghinearálta

- Ba cheart gníomhaíochtaí faoin bPlean Oibre a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha agus i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.
- Is ar bhonn deonach a bheidh an rannpháirtíocht agus, nuair is ábhartha, beidh sí bunaithe ar ainmniúcháin na mBallstát.
- Níor cheart do ghníomhaíochtaí faoin bPlean Oibre an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún ná ar pháirtithe leasmhara a mhéadú go míchuí.
- Féadfaidh an Coimisiún tacú le cur chun feidhme an Phlean Oibre trí shaineolas agus, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht lóistíochta nó airgeadais a sholáthar.
- I gcás inarb iomchuí, féadfar torthaí na ngníomhaíochtaí a dhéantar faoin bPlean Oibre a chur faoi bhráid na Comhairle nó a comhlachtaí ullmhúcháin.
- D'fhéadfadh gníomhaíochtaí faoin bPlean Oibre a bheith mar bhonn eolais d'fhorbairt beartais agus do mholtaí amach anseo.
- Ba cheart d'Uachtaránachtaí, do na Ballstáit agus don Choimisiún féachaint le comhleanúnachas a áirithiú idir gníomhaíochtaí faoin bPlean Oibre seo agus tionscnaimh ábhartha eile.
- I gcás inarb ábhartha, tar éis gníomhaíocht a chur i gcrích, soláthrófar tuarascáil ar na torthaí.

Idirphlé beartais

- Eagróidh an Coimisiún idirphlé beartais, ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha buiséadacha, cé go bhféadfaidh Ballstát aonair nó Uachtaránachtaí ábhar fócais ar leith a mholadh nó idirphlé nó imeachtaí breise a eagrú, lena n-áirítear idirphlé nó imeachtaí i ndáil le tionscnaimh ábhartha arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta.

- Leis an idirphlé beartais, ba cheart lucht ceaptha beartas, saineolaithe agus, i gcás inarb iomchuí, páirtithe leasmhara ábhartha a thabhairt le chéile.

Gníomhaíochtaí piarfhoghlama/ceardlanna

- Is éard atá i ngníomhaíochtaí piarfhoghlama malartuithe deonacha piaraí faoi stiúir na mBallstát agus cuireann siad formáid sholúbtha ar fáil do na Ballstáit chun dea-chleachtas agus taithí a chomhroinnt.

- Féadfaidh Ballstát nó grúpa de Bhallstát leasmhara, má mheasann siad gur gá sin, moladh a dhéanamh gníomhaíochtaí piarfhoghlama a eagrú agus a mhaoiniú. Má chomhlíontar na coinníollacha buiséadacha, féadfaidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.

- Is malartuithe faoi stiúir an Choimisiúin iad ceardlanna ina dtugtar le chéile na mBallstát, saineolaithe agus páirtithe leasmhara.

Modh oscailte comhordúcháin (MOC)

- Leis an modh oscailte comhordúcháin, cuirtear creat ar fáil don chomhar agus do mhalartú agus do chomhroinnt dea-chleachtas i measc na mBallstát maidir le hábhair chomhchoiteanna áirithe agus ceadaítear leis moltaí neamhcheangailteacha a fhorbairt.

- Cuirfear bailchríoch ar shainordú MOC sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha – le hionchur ón Meitheal um Chlosamharc agus Meáin, i gcás inarb ábhartha – ar bhonn dréacht-sainordaithe a mhol an Coimisiún.

- Féadfar a mholadh leis an sainordú go n-iarrfar ar thríú páirtithe, lena n-áirítear tríú tíortha, teacht chuig grúpa MOC.

- Beidh gach grúpa MOC freagrach as cathaoirleach nó comhchathaoirligh a cheapadh ag a chéad chruinniú.

- Ag brath ar an ábhar, d'fhéadfaí an grúpa MOC a spreagadh chun grúpaí fócais níos lú a bhunú agus modhanna rannpháirtíocha a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

Líonraí agus Teagmhálacha Saineolaithe

- Féadfar líonraí agus teagmhálacha saineolaithe a úsáid i gcás ina bhfuil gá leanúnach le comhar, comhroinnt faisnéise nó comhordú.

- Is iad na Ballstáit agus an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, a ainmneoidh na saineolaithe ábhartha le haghaidh na líonraí agus na dteagmhálacha sin.

Obair leantach ar MOCanna san am a chuaigh thart

- I gcás inarb iomchuí, féadfar gníomhartha athbhreithniúcháin, malartuithe tuairimí nó gníomhaíochtaí eile oibre leantaí a eagrú i dtaca le hábhair ar ar tugadh aghaidh in MOCanna faoi Phlean Oibre 2023-2026 nó faoi Phleananna Oibre a bhí ann roimhe sin.

- Leis na gníomhartha sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar bhearnaí cur chun feidhme, freagrachtaí oibre leantaí a shainaithint agus naisc a bhunú le beartais a fhorbrófar amach anseo ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Cuir i láthair aíonna/malartuithe ó bhéal ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha

- Féadfar cuir i láthair aíonna nó malartuithe ó bhéal a eagrú ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha chun plé ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí i réimsí beartais a bhaineann leis an gcultúr a éascú.

- Féadfar a áireamh ar na malartuithe sin ionchur ó shaineolaithe agus páirtithe leasmhara seachtracha, chomh maith le hionadaithe ó chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha eile de chuid na Comhairle, i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Na Príomhthagairtí Polaitiúla

– Dearbhú Cáceres (an Spáinn, 2023)

– Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Compás Cultúir don Aontas Eorpach (2025) (COM(2025) 785 final)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais i gCoinne Gáinneáil ar Earraí Cultúir (COM(2022) 800 final)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga (COM(2025) 165 final)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Making the most of the EU's innovative potential - An intellectual property action plan to support the EU's recovery and resilience* [An leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht nuálaíochta an Aontais - Plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais] (COM(2020) 760 final)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún, *A New European Agenda for Culture* [An Clár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir] (COM(2018) 267 final)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Bauhaus Eorpach Nua: Ealaíonta, Inbhuanaithe, Cuimsitheach (COM(2021) 573 final)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach (COM(2020) 790 final)

– Conclúidí ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán (C/2025/2954, 26.5.2025)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le healaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe (IO C 185/39, 26.5.2023)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialachas Cultúir (IO C 393/8, 19.12.2012)

– Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe den tionscnamh Bauhaus Nua Eorpach (IO 2021/C 501 I/03, 13.12.2021)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú trí phobal meáin sonraíbhunaithe a fhorbairt (C/2024/3542, 31.5.2024)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le An ghné chultúrtha agus chruthaitheach in earnáil Eorpach na bhfíschluichí a fheabhsú (C/2023/1345, 30.11.2023)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige an Aontais i leith na hoidhreachta cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna, 9837/21

– Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú (C/2024/7446, 13.12.2024)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha chun tús a chur lena ngairmeacha beatha (C/2025/3165, 4.6.2025)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le ról straitéiseach an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus na saothar closamhairc i gcaomhnú luachanna na hEorpa agus na hathléimneachta daonlathaí (C/2025/6562, 10.12.2025)

– Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le hOidhreacht Seandálaíochta na hEorpa a Chosaint (athbhreithnithe) (Coinbhinsiún Vaileite, 1992)

– Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le hoidhreacht ailtireachta na hEorpa a chosaint (Coinbhinsiún Granada, 1985)

– Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cionta a bhaineann le Maoin Chultúrtha (an Niocóis, 2017)

– Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Coinbhinsiún Faro, 2005)

– Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um an Tírdhreach (Coinbhinsiún Fhlórans, 2000)

– Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 (IO 2022/C 466/01, 7.12.2022)

– *The Davos Declaration – Towards a high-quality Baukultur for Europe* [Dearbhú Davos – I dtreo Baukultur ardchaighdeáin don Eoraip] (an Eilvéis, 2018)

– *EU Strategy Combating Antisemitism and Fostering Jewish Life 2021 – 2030* [Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú 2021 – 2030] (a glacadh an 5 Deireadh Fómhair 2021)

– Staidéar ón gCoimisiún Eorpach, 2020, *The status and working conditions of artists and cultural and creative professionals* [Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha], Tuarascáil chríochnaitheach, https://culture.ec.europa.eu/resources/document-library/the-status-and-working-conditions-of-artists-and-cultural-and-creative-professionals-0

– Staidéar ón gCoimisiún Eorpach, 2026, *Study on the discoverability of diverse European cultural content in the digital environment* [Staidéar ar infhionntacht ábhair chultúrtha éagsúil Eorpaigh sa timpeallacht dhigiteach], Tuarascáil chríochnaitheach, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/34da2669-32b4-11f1-be39-01aa75ed71a1

– An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ar Chosaint Shóisialta d'ealaíontóirí, Bealtaine 2025: Foghlaim fhrithpháirteach maidir le cosaint shóisialta chuimsitheach d'ealaíontóirí agus d'oibrithe cruthaitheacha – an Coimisiún Eorpach; https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/social-protection-social-inclusion/mutual-learning-inclusive-social-protection-artists-and-creative-workers-2025-05-06_en

– Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029 na Comhairle Eorpaí (EUCO 15/24)

– An tÚdarás Eorpach Saothair, Staidéar ón Údarás Eorpach Saothair, a foilsíodh i mí na Nollag 2024: https://www.ela.europa.eu/en/news/creative-sectors-ela-study-reveals-precarious-working-conditions-and-undeclared-labour

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le creat an Aontais do staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí agus oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (2023/2051(INL))

– Staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, *EU framework for the social and professional situation of artists and workers in the cultural and creative sectors* [Creat an Aontais um staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí agus oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta], Samhain 2023 https://www.europarl.europa.eu/thinktank/fr/document/EPRS_STU(2023)747426

– *European Union Intellectual Property Office Strategic Plan 2030, The EUIPO's DNA, a robust, inclusive, diverse and sustainable IP ecosystem that works for all* [Plean Straitéiseach 2030 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, ADN Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, éiceachóras MI láidir, cuimsitheach, éagsúil agus inbhuanaithe a oibríonn do chách]

– Europol (2026), *Changing tactics, changing targets: the evolving nature of museum heists* [Oirbheartaíocht ag athrú, spriocanna ag athrú: cineál athraitheach na gadaíochta músaeim], sraith tuarascálacha 'Europol Spotlight', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

– Dearbhú G20 KwaDukuza (an Afraic Theas, 2025)

– Dearbhú G20 na Róimhe ó Airí Cultúir G20 agus Dearbhú Cheannairí G20 (an Róimh, 2021)

– Dearbhú G20 Salvador de Bahia ó na hAirí Cultúir (an Bhrasaíl, 2024)

– Foilseachán ICOMOS *'European quality principles for EU-funded interventions with potential impact upon cultural heritage: revised edition'* [Prionsabail cháilíochta Eorpacha le haghaidh idirghabhálacha arna gcistiú ag an Aontas a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht: eagrán athbhreithnithe'], Samhain 2020

– Tuarascáil EIS 2023: *The Future of Work in the Arts and Entertainment Sector* [Todhchaí na hOibre san Earnáil Ealaíon agus Siamsaíochta] | An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair; https://www.ilo.org/publications/future-work-arts-and-entertainment-sector

– Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Sciath Eorpach don Daonlathas: Daonlathais Láidre Athléimneacha a Chumhachtú, (JOIN (2025) 791 final)

– Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta (JOIN(2025) 130 final)

– Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, I dTreo Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta, (JOIN(2016) 29 final)

– Dearbhú Comhpháirteach – 'An Eoraip ar son an Chultúir – Cultúr ar son na hEorpa', 2026 (IO C, C/2026/3440, 25.6.2026)

– MONDIACULT 2025: Gealltanas an Aire Cultúir — Doiciméad Toraidh (Barcelona, an 1 Deireadh Fómhair 2025)

– Cairt Porto Santo, Cultúr agus cur chun cinn an daonlathais: i dtreo saoránacht chultúrtha san Eoraip (2021)

– Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277/1, 27.10.2022)

– Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L 2024/1689)

– Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr 2023–2026 (COM/2026/337 final)

– Tuarascáil ó shaineolaithe Ghrúpa Ballstát an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le ‘*Culture and Health, Time to Act*’ [Cultúr agus Sláinte, Am Gnímh] (2025) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/be89805d-9cf8-11f0-97c8-01aa75ed71a1/language-en

– Tuarascáil ó shaineolaithe Ghrúpa Ballstát an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le ‘*Creative Shifts: Empowering culture for sustainable living’* [Aistrithe Cruthaitheacha: An cultúr a chumhachtú ar mhaithe le maireachtáil inbhuanaithe] (2025) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/043230ba-d250-11f0-8da2-01aa75ed71a1

– Tuarascáil ó shaineolaithe Ghrúpa Ballstát an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le '*Strengthening Cultural Heritage Resilience for Climate Change*' [Athléimneacht na hOidhreachta Cultúrtha a Neartú i leith an Athraithe Aeráide] (2022) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/4bfcf605-2741-11ed-8fa0-01aa75ed71a1/language-en

– Tuarascáil ó shaineolaithe Ghrúpa Ballstát an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le '*The Status and Working Conditions of Artists and Creative and Cultural Professionals*' [Stádas agus Dálaí Oibre na nEalaíontóirí agus na nGairmithe Cruthaitheacha agus Cultúir] (2023) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/01fafa79-1a13-11ee-806b-01aa75ed71a1/language-en

– Tuarascáil ó shaineolaithe Ghrúpa Ballstát an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le '*Strengthening Europe through Public Libraries – How sustained investment in public libraries and their multiple roles delivers social, cultural and democratic returns*' [An Eoraip a Neartú trí Leabharlanna Poiblí – An chaoi a dtugann infheistíocht mharthanach i leabharlanna poiblí agus san iliomad ról atá acu torthaí sóisialta, cultúrtha agus daonlathacha] (2026) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/623284d9-8184-11f1-bf5e-01aa75ed71a1/language-en

– Tuarascáil ó shaineolaithe Ghrúpa Ballstát an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le '*Stormy Times – Nature and humans: Cultural Courage for change*' [Am Anfach – An Dúlra agus an Duine: Misneach cultúrtha chun athraithe] (2022) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/0380f31c-37c9-11ed-9c68-01aa75ed71a1/language-en

– Tuarascáil ó shaineolaithe Ghrúpa Ballstát an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le '*Towards a shared culture of architecture – Investing in a high-quality living environment for everyone*' [I dtreo cultúr comhroinnte ailtireachta – Infheistíocht i dtimpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách] (2021) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/bd7cba7e-2680-11ec-bd8e-01aa75ed71a1/language-en

– Idirphlé ‘Voices of Culture’ na sochaí sibhialta, 2021, https://voicesofculture.eu/2021/07/06/brainstorming-report-status-working-conditions-for-artists-cultural-and-creative-professionals/

– UNESCO: Coinbhinsiún na Háige 1954 chun Maoin Chultúrtha a Choimirciú i gCás Coinbhleacht Armtha

– UNESCO: Coinbhinsiún 1970 maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta Maoine Cultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc

– UNESCO: Coinbhinsiún 1972 maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a Chosaint

– UNESCO: Moladh 1980 maidir le Stádas an Ealaíontóra

– UNESCO 1999: An Dara Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1954 chun Maoin Chultúrtha a Choimirciú i gCás Coinbhleacht Armtha

– UNESCO: Coinbhinsiún 2001 maidir le Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Fo-uisce

– UNESCO: Coinbhinsiún 2003 maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe

– UNESCO: Coinbhinsiún 2005 maidir le Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn (lena n-áirítear a oiriúnú n timpeallacht dhigiteach de réir Threoirlínte Oibríochtúla 2020)

– UNESCO: Moladh 2015 maidir le músaeim agus bailiúcháin, a n-éagsúlacht agus a ról sa tsochaí a chosaint agus a chur chun cinn

– Institiúid Staidrimh UNESCO: Creat 2025 um Staidreamh Cultúir

– UNESCO: *Re|Shaping Policies for Creativity: we share, we act, we build* [Ath|Mhúnlú Beartas le haghaidh na Cruthaitheachta: roinnimid, gníomhaímid, tógaimid] (2026, an ceathrú heagrán)

– UNESCO: Moladh maidir le hEitic na hIntleachta Saorga (Samhain 2021)

– UNESCO: Cur chun Feidhme Mholadh 1980 ó UNESCO maidir le Stádas an Ealaíontóra; https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000387452

– Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [An domhan a chlaochlú: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] (a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015)

– Na Náisiúin Aontaithe, An Comhshocrú don Todhchaí (A/RES/79/1, a glacadh an 22 Meán Fómhair 2024)